



Bord Altranaís agus  
Cnáimhseachais na hÉireann  
Nursing and Midwifery  
Board of Ireland

Bord  
**ALTRANAIS** agus  
**CNÁIMHSEACHAIS**  
na hÉIREANN

**Plean Gnó**  
**2021**



# Clar an Ábhair

Réamhrá	02
Príomhréimsí tosaíochta i 2021	03
Acmhainní riachtanacha	19
Bainistiú riosca agus feidhmíochta	19
Tuarascáil	19
Toimhdí an phlean gnó	19
Giniúint ioncaim	20
Plean Chaiteachais Chaipitiúil	21
Líon na n-oibrithe	21
Conclúid	21
Íarscríbhinn 1: Buiséad an Bhoird Altranais agus Cnaímhseachais 2021	24
Íarscríbhinn 2: Ár misean agus luachanna	28
Íarscríbhinn 3: Struchtúr eagraíochta	29

## Réamhrá

Is é príomhfheidhm Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (NMBI):

- an pobal a chosaint ina dhéileálacha le haltraí agus cnáimhseacha **agus**
- ionracas chleachtadh an altranais agus an chnáimhseachais a chosaint **trí**
- ardchaighdeán oideachais ghairmiúil, oiliúna agus cleachtaidh a chur chun cinn
- iompar gairmiúil i measc altraí agus cnáimhseach.

Comhlíonaimid ár bhfeidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail agus i gcomhlíonadh ár sainchúraim riachtanaigh faoi Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011.

Tá ár *bPlean Gnó 2021* teoraithe ag an obair atá á déanamh againn faoi láthair mar gheall ar ár *Ráiteas Straitéise 2020-2022* agus cuireann an plean seo leis an dul chun cinn a rinneamar i 2020. Tá ár ráiteas straitéise ar fáil ar [an suíomh gréasáin](#).

Is iad na tosaíochtaí straitéiseacha luaite le haghaidh 2020-2022 **leanfar ár sainchúram reachtach a sheachadadh** (an ról lárnach atá againn) agus **an bealach a oibrímid fheabhsú** trí:

- ár scéim rialaithe a fhorbairt
- ár seirbhísí a dhigitiú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sin a fheabhsú
- taighde agus sonraí a ghíaráil
- dul i dteagmháil níos minice agus ar bhonn níos éifeachtaí lenár bpáirtithe leasmhara
- ár n-eagraíocht a fhorbairt.

I 2020 bhí dúshlán ollmhóra againn chun Covid-19 a thuiscint agus dul i ngleic le fadhbanna Covid-19 inár gcáil mar rialaitheoir na n-altraí agus na gcnáimhseach. Ina measc, ach gan a bheith teoranta dóibh, bhí anailís dhul chun cinn bhliain deiridh na mac léinn á déanamh chun é a sheiceáil in éadan na riachtanas a bheith cláraithe, nuair a seoladh abhaile na mic léinn, agus chun bealaí níos sciobhtha a bheith athchláraithe a leagan amach do bhaill.

D'fhorbraíomar an plean 2020 sa chomhthéacs seo. Rinneamar plean chun deacrachtaí Covid-19 a shárú, mar shampla bhíomar ag teacht roimh riachtanais acmhainní nua an chórais agus d'oibríomar le hinstiúidí ardoidheachais de réir mar a athraítear an cur chuige chun taithí oibre mac léinn a shocrú. Rinneamar plean freisin chun dul i ngleic le deacrachtaí Covid-19 eile nach bhfuil nochtaithe fós agus b'fhéidir é go mbeadh orainn freagairt solúbtha a thabhairt do na deacrachtaí sin.

## Príomhréimsí tosaíochta i 2021

Mar ábhar tacaíochta an phlean gnó seo tá scéimeanna oibre a rinne lucht na hardstiúrtheoireachta. Sa phlean gnó tá dhá chinéal gníomhaíochtaí:

### A. Ár sainchúram riachtanach

Na gníomhaíochtaí a chomhlíonfaidh ár sainchúram riachtanach faoi Acht nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (taispeántar iad sa tábla thíos)

### B. Gníomhaíochtaí athraithe agus feabhais leanúnaigh

Na gníomhaíochtaí a bhainfidh amach na hathruithe is cuí agus a chabhróidh linn ár ráiteas straitéise a thabhairt chun críche. (taispeántar é seo sa rannóg thíos an tábla).

### A. Ár sainchúram riachtanach

Leanfaidh muid ár sainchúram a chomhlíonadh faoi Acht nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011		
		Dáta socraithe
0.01	Clár na nAltraí agus Cnáimhseach a chothabháil	Ag dul ar aghaidh
0.02	Eolas cuí agus cothram le dáta a chothabháil mar gheall ar theidil na bpost de chuid na daoine atá cláraithe agus i dtaca lena n-áiteanna oibre, agus an méid seo a thaifeadadh sa chaoi go bhféadfaí an t-eolas a thuairisciú	Ag dul ar aghaidh
0.03	Eolas cuí fostaíochta a thaifeadadh	Ag dul ar aghaidh
0.04	Caighdeán oideachas agus oiliuna na n-altraí agus cnáimhseach a chur i bhfeidhm agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu	Ag dul ar aghaidh
0.05	Gearáin na gcláraithe a bhainistiú go cuí agus i bhfios go bhfuil líon na gearán ag méadú	Ag dul ar aghaidh
0.06	Comhlíonfaidh Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann a chúraimí muiníneacha agus soláthróidh sé treoir straitéiseach de réir pholasaithe agus aidhmeanna straitéiseacha an rialtais	Ag dul ar aghaidh
0.07	Sábháilteacht na gcóras sonraí, maoin agus sócmhainní a chothabháil	Ag dul ar aghaidh

## B. Gníomhaíochtaí athraithe agus feabhais leanúnaigh

Shainnithníomar na gnéithe tábhachtacha seo a leanas a mbeidh gá leo chun éifeachtúlacht níos fearr na heagraíochta a chinntiú, agus gnéithe eile Acht nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 a sheachadadh agus chun ár ráiteas straitéise a sheachadadh.

### 1. Acht nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011

Leanfaidh muid ár sainchúram faoin Acht 2011 a chomhlíonadh agus na forálacha eile a chur i bhfeidhm nuair a gcuirfidh tús leo.

- **Cothabháil na hinniúlachta gairmiúla a bhainistiú**  
Obair tionscadalbhunaithe a leanúint ar bhainistíocht agus cothabháil na scéime inniúlachta gairmiúla. Pleanáiltear i 2021 chun cur chuige a d'oirfeadh le córas sláinte na hÉireann a dhréachtú agus costais an chur chuige sin a mheas. Déanfar comhairliúchán poiblí fairsing i dtaca leis an scéim bheartaithe ionas go bhféadfaí an scéim a bheachtú agus a thaispeáint do na páirtithe leasmhara a fhorfhéasfaidh í. Pleanáilimid scéim píolóta a chríochnú chomh maith.

Tá foráil de thart ar €50,000 de mhaoiniú déanta againn dó i roinn an bhuiséid dar theideal 'tioscadail oideachais'.

- **Árachas slánaíochta gairmiúla**  
Leanfaimid dul i mbun plé leis na páirtithe leasmhara chun dréachtú reachtach cuí a bhunú, rud a cheadóidh dul i gcomhairle agus tús a chur le hAlt 40(1)a de chuid na hAhta 2011.

Ní bheifear ag súil le tuilleadh chaiteachais chun é sin a dhéanamh.

- **Anotáil**  
Oibreoidimid lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, an FSS agus Sainchoiste athbhreithnithe an Altranais agus Cnáimhseachais, chun cur chuige a chomhaontú mar gheall ar shainiú na speisialtóireachtaí, agus conas a shainnithneofar agus a anótálfar na speisialtóireachtaí ar Chlár Bhórd Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

Tá foráil de thart ar €25,000 de mhaoiniú déanta againn dó i roinn an bhuiséid dar theideal 'tioscadail oideachais'.

### 1.2 Acht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2020

Tá gníomhaíochtaí beartaithe againn chun tús na reachtaíochta nua seo a thacú. Beidh an príomhthionchar a ghabhann leis seo i réimse feidhmiúlachta chun cleachtadh. Rinneadh cuid den obair i 2020 ach beidh gá le níos mó a dhéanamh i 2021.

Ní bheifear ag súil le tuilleadh chaiteachais chun é sin a dhéanamh.

Beidh roinnt tionscadal athraithe ar siúl agus beimid ag forbairt an chumais atá againn.

## 2. Córas nua na gCláraithe, MyNMBI

Ba chuid chriticiúil í chun feabhais leanúnacha a sheachadadh an cur chun feidhme Chóras nua na gCláraithe a rinneadh sa cheathrú ráithe 2020 ó thaobh luach airgid a bhaint amach, éifeachtúlachtaí próiseála agus tuairiscithe I 2021 díreoidh MyNMBI ar:

### In Ard-Stiúirthóireacht an Chláraithe:

- Leagan 1.0 an mhodúil chlárarithe a chobhsú ó thaobh chúrsaí teicniúla de agus i dtaca le dearcadh na mbainistíochta athraithe.
- Leagan 2.0 an mhodúil chlárarithe a aimsiú, a fhorbairt agus é a chur chun críche.
- Treochlár fhorbairt an mhodúil chlárarithe a aithint (forbairtí amach anseo nó úasghráduithe)
- Bainfidh €272,000 le costais chotbhála, cheadúnais agus ostála (oideachas agus cláriúchán).

Mheasamar na hiarrataí athraithe thart ar €50,000 don Mhodúl Chláraithe i 2021.

Tabharfaimid faoi anailís ionchais chun éileamh as seo amach a réamh-mheas i dtaca leis an gcóras sláinte, altraí agus cnáimhseach mar aon le saintaithint a gcuid iarratas chláriúcháin. Beidh an anailís an-chabhrach leis an clár oibre chun feabhas leanúnach a chur i bhfeidhm agus chun aon deacracht a aithint agus a bhaint de na próisis atá againn.

### In Ard-Stiúirthóireacht an pholasaithe agus na gcaighdeán:

- Modúl an Oideachais a fhorbairt agus a chur chun críche.  
Tá coidh Modúl an Oideachais de chuid MyNMBI cigireacht suíomhanna an taithe oibre chliniciúil le haghaidh cúrsaí fochéime, sainchúrsaí agus formheas nó athfhormheas na gclár oideachais.

Rianóidh an córas bainistithe cásanna gníomhaíochtaí, amchláir agus dociméid eile agus eiseofar fógraí go huathoibríoch. Laghdófar an gá chun comhdú, sceidealúcháin agus rianúcháin láimhe a dhéanamh agus tiocfar feabhas ar ár gcumas tuairiscithe.

Tá foráil de thart ar €385,000 déanta againn do chostais forbartha.

Bainfidh €272,000 le costais chotbhála, cheadúnais agus ostála (oideachas agus cláriúchán).

### 3. Athrú ár gcumais tuairiscithe

Baineann cumas tuairiscithe níos fearr ag an Modúl Chláraithe nua mar gheall ar chlárúchán agus an Clár féin.

Cuireadh tús leis an gcumas feabhsaithe le cur i bhfeidhm an Mhodúil Chláraithe de chuid MyNMBI sa cheathrú ráithe 2020. Mar sin féin, ar dtús braithfear ar shonraí atá ann cheana féin a d'aistríodh ón seanchóras. De réir mar a théimid i dteagmháil le clárarithe, mar shampla nuair atá an athnuachan bhliantíúil le híoc, uasdátófar a sonraí agus baileofar sonraí nua, beifear in ann léargais níos fearr a sholáthar agus beidh cumas tuairiscithe feabhsaithe againn. Beachtóimid na modhanna a úsáidimid chun sonraí a bhailiú. Beachtófar na modhanna chun sonraí a bhailiú agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá againn faoin tríú ráithe 2021.

I 2021, díreoidh ar anailísí na sonraí chlárarithe chun tacaíocht a thabhairt do chlárarithe agus d'iarratasóirí, rud a stiúrfaidh ár ngníomhaíochtaí rialála. Ina theannta sin oibreoidh leis an Roinn Sláinte chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na sonraí atá againn agus chun riachtanais tuairiscithe agus sonraí a chomhlíonadh (mar shampla chun críocha pleanála an fórsa oibre).

Beidh ár n-úsáid sonraí faoi rialú ag an gcreathlach reachtach, lena n-áirítear an RGCS. Leanfaidh ár gClár inchuadaithe NMBI a bheith ar fáil ag an suíomh gréasáin. Seachas an Clár, ní roinnfear sonraí iarratasóra nó cláraí taobh thiar den eagraíocht NMBI.

Forbrófar ár gcumas tuairiscithe agus na tuarascálacha féin thar roinnt blianta. Ní bheifear ag súil le tuilleadh chaiteachais chun é sin a dhéanamh. Forbróimid ár dtuairisciú bunaithe ar an líon daoine atá ann.

#### **4. Uirlis bainistithe cásanna i dtaca le feidhmiúlacht chun cleachtadh**

Roghnóimid, socróimid agus leathfaimid amach uirlis bainistithe cásanna nua. Beidh sé tábhachtach bogearra nua de chuid chórais bhainistithe cásanna a chur i bhfeidhm ionas go dtacófaí le gníomaíochtaí feidhmiúlachta chun cleachtadh. Mar sin leanfaidh na feabhais a sheachadadh ó thaobh luach airgid, éifeachtúlachtaí próiseála agus tuairiscithe de.

Shainaitníomar ár riachtanais. Tá sé socraithe againn tairiscint a chur isteach i 2021.

Rianóidh an córas bainistithe cásanna seo gearáin agus imscrúduithe, agus beidh sé ina stór d'ábhar lena mbaineann gearáin, an Coiste Réamhimeachtaí, agus gníomaíochtaí feidhmiúlachta chun cleachtadh. Laghdófar an gá chun comhdú, sceidealúcháin agus rianúcháin láimhe a dhéanamh agus tiocfar feabhas ar ár gcumas tuairiscithe.

Leithdháileamar €65,000 dó.

#### **5. Cumas feidhmiúlachta chun cleachtadh a mhéadú chun dlús a chur hamlínthe na n-imscrúduithe**

Cruthóimid Straitéis Bainistithe Gearán chun tógáil ar an obair a bhí tosaithe mar gheall ar ár cur chuige Bainistithe Gearán agus sainaitheoimid clár oibre athraithe sa réimse seo. Áireofar leis sin gníomaíocht chun an reactaíocht nua a thacú. Cuimseofar ann gníomhaíochtaí dhíreoidh ar iarrachtaí chun cur chuige níos atruaiche a bhunú le haghaidh na daoine a bheidh páirteach sa phróiseas gearán, cibé acu atá ina cláraí, ball dá theaghlach, finné nó an té a rinne an gearán.

Faoi láthair is é ár meastachán bhuiséid 60 lá imscrúduithe. Tá sé i gceist againn tús a chur le cianimscrúduithe agus imscrúduithe hibrídeacha i 2021 chun líon na n-imscrúduithe carntha de bharr Covid-19.

#### **6. Dul i dteagmháil níos minice agus go héifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara**

Le linn 2020 shainaitníomar agus d'fhoilsíomar Plean Aicsin Custaméirí agus Cairt do Chustaméirí de réir mar a éilíonn an Cód cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Chomh maith leis sin forbróimid plean cumarsáide cuimsitheach do gach grúpa pháirtithe leasmhara mar thoradh air sin.

I 2021 oibríochtóimid dearbhphrionsabail tábhachtacha ár n-eitis agus samhail seachadta seirbhíse inár ngníomhaíochtaí go léir.




## 7. Forbairt eagraíochta

Forbraímid ár lucht saothair de réir ár gcláir oibre digitithe agus ráitis straitéise. Leanaimid an bhéim a chur ar:

- cumas a mhéadú agus cumas a neartú ar leibhéal ardbhainistíochta agus mheánbhainistíochta. (faoin cheann na chéad cúpla bliain eile athrófar beagnach ó bhun an fhoireann ardbhainistíochta. Beidh pleanáil comharbais an-tábhachtach chun trasdul rianúil a bheith ann, rioscaí a bhainistiú agus ionas go bhféadaimis rochtain a fháil agus a choimeád ar oibríthe a bhfuil an t-eolas corparáideach acu.
- cumas nua a bhunú mar gheall ar bhailiú sonraí, anailís agus tuairisciú; dearbhú cáilíochta; agus bainistiú tionscadal agus athruithe,
- cruthófar cumas in oirchill gníomhaíochtaí nua a bheith ann (inniúlacht ghairmiúil a chotabháil agus a bhainistiú, anotáil a dhéanamh, sonraí agus léargais a fhoilsiú, taighde etc.)
- deireadh a chur le gníomhaíochtaí idirbheartaíochta/gníomhaíochtaí lena mbaineann luachanna ísle, nó na gníomhaíochtaí den saghas sin a uathoibriú mar chuid dár gclár oibre digitithe.

Smaoinítear faoi gach post a ndéantar fógra faoi agus a mbíonn líonta i gcomhthéacs seo. Mar thoradh air seo beifear ag súil go n-athródh cruth an lucht saothair.



I 2021 cuirfimid i bhfeidhm plean comharbais i dtaca le bunróil cheannaireachta le dul ar scoir laistigh den bhfoireann bainistíochta agus mar sin beidh ar chomhaltaí an Bhoird le dul as oifig.

Beidh dhá phríomhthéama lárnacha againn i mbliana mar gheall ar ár oiliúint agus forbairt foirne, agus tacóidh siad **an próiseas digitithe** (réitigh teicneolaíochta agus bealaí oibre a leathadh amach) agus **feabhas seirbhísí** (mar thaca lenár gCairt nua do chustaiméirí).

Leanfaimid infheistiú a dhéanamh sa bhfoireann agus san eagraíocht chun a bheith cinnte go mbeimis in ann freastal ar riachtanais ár gcláraithe, an phobail agus ár bpáirtithe leasmhara

Leithdháileamar €80,000 d'fhorbairt agus d'oiliúint foirne i 2021.

D'athailíníomar ár Roinn Seirbhísí Corparáideacha chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo ar leibhéal struchtúrach le cinntiú níos mó bhéim a bheith ar chumarsáid inmheánach, chun an leibhéal comhoibríthe a mhéadú, lárú roinnt reimsí agus chun rialú méadaithe a bhaint amach.

Is tionscadail agus infheistíochtaí ilbhliantiúla iad roinnt bunréimsí arna ndírítear. Tá siad fothaithe sa bhfís atá againn mar gheall ar na rudaí ar mhaithe linn a bhaint amach sa *Ráiteas Straitéise 2020-2022*.

Sna táblaí thíos, déantar acoimhre de ráiteas na gcuspóirí straitéise, eochairghaiscí a bhí bainte amach i 2020, gníomhaíochtaí atá beartaithe i 2021 agus nuair is cuí gníomhaíochtaí 2022.

1. Ár scéim rialaithe a fhorbairt			
Gníomhaíochtaí	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
<p>Ár gCód, caighdeán agus treoracha oideachais a athbhreithniú go minic lena n-áirithiú go mbainfeadh siad le heispéirís na n-altraí agus na gcnáimhseach ar an líne tosaigh agus i ról éagsúla eile</p>	<p>Chuathas i gcomhairle le Comhghrúpaí Meitheal Aitiúla mar gheall ar uasdátú a bhí ar aigne a chur sna caighdeán agus próisis oideachais</p> <p>Rinneadh comhairliúchán don gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitic a bhí úasdátaithe</p> <p>Foilsíodh tuarascálacha comhairliúcháin</p>	<p>Tuarascáil comhairliúcháin a fhoilsiú mar gheall ar chaighdeán agus próisis oideachais atá uasdátaithe</p> <p>Cód Iompair Ghairmiúil agus eitic a bhí úasdátaithe a chur i bhfeidhm</p> <p>Caighdeán Cleachta do Chnámhseacha a úasdátú</p>	
<p>Obair i meithil idirdisciplíneacha le cinntiú go dtabharfaí tacaíocht do shamhlacha sláinte atá ag athrú, go gcosnófaí othair agus go mbeadh cláraithe muineach a gcúraimí a sheachadadh. Áireofar sna meithil idirdisciplíneacha cláraithe, othair, lucht déanta beartas oideoirí, fostóirí, ceardchumann, comhlachtaí gairme agus rialaitheoirí eile</p>		<p>Ionchuir a sholáthar agus freagairt a thabhairt don Meitheal Altranais agus Cnámhseachais</p> <p>Obair go réamhgníomach le páirtithe leasmhara eile le cinntiú go gcoinneofar caighdeán rialaithe le linn na paindéime, go háirithe le linn triú ráig an ghalair Covid-19</p>	
<p>An plean mar gheall ar bhainistíocht agus cothabháil na scéime inniúlachta gairmiúla a thabhairt chun críche agus tús a chur lena leathadh amach chun chultúr feabhais a neartú. Cinnteofar leis seo go sainaitheofar forbairt phearsanta, go mbeifear ardmheas uirthi agus go n-úsáidfí í chun seirbhísí a sheachadadh</p>	<p>Sainaitheofar cur chuige ardleibhéil agus costais agus pléadh na nithe seo le heochairpháirítithe leasmhara</p>	<p>Dréachscéim a chomhairliú agus an treoirscéim a fhorhmeas</p>	<p>Dréachtscéim píolóta</p>

Gníomaíochtaí	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
<p>Níos mó bhéim a chur ar an tacaíocht a thugtar do na cláraithe go léir chun torthaí sábháilte othar a bhaint amach in áit díriú isteach ar an mbeagán daoine ar a ndéantar gearáin fúthú</p>	<p>Méadaíodh an leibhéal treorach</p>	<p>Léargais gearán a roinnt le cláraithe agus institúidí ardoideachais</p> <p>Treoir sa bhreis a sholáthar agus tacaíocht do chláraithe a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin agus i ríomhírísí i gcomhthéacs Covid-19</p> <p>Treoir den scoth agus réamhgníomach a sholáthar gan mhoill</p>	<p>Treoir den scoth agus réamhgníomach a sholáthar gan mhoill</p>
<p>Forás leanúnach caighdeán agus riachtanas oideachais (mar shampla níos mó taithí oibre a bheith pobal-bhunaithe) trí níos mó nascachta a bheith ann idir Institúidí Ardoideachais agus páirtithe leasmhara le chinntiú go n-athródh an clár chun riachtanais na hearnála agus an daonra a shásamh</p>	<p>Chuathas i gcomhairle le Comhghrúpaí Meitheal Aitiúla mar gheall ar uasdátú a bhí ar aigne a chur sna caighdeáin agus próisis oideachais</p> <p>Cuireadh i gcrích an 'Tionscadal Measúnaithe' - bunreachtáíocht tar éis a bheith measúnaithe, rialacha agus ionstraimí reachtúla chomh maith le polasáí oideachais, caighdeáin agus Scéim Oideachais MyNMBI a oiriúnú</p>	<p>Tuarascáil chomhairliúcháin a fhoilsiú mar gheall ar an t-eolas is déanaí agus ar chaighdeáin agus próisis oideachais</p> <p>Próisis imheánacha a uasdhátú maidir leis an cur chuige lena nglacfar nuashonrúcháin de chuid chaighdeáin oideachais as seo amach</p> <p>Cur i bhfeidhm tionscadal/aicsean a leanfaidh an 'Tionscadal Measúnaithe'</p>	<p>Plé leanúnach le hinstiúidí ardoideachais agus páirtithe leasmhara chun caighdeáin oideachais a fhorbairt</p> <p>Cur i bhfeidhm tionscadal/aicsean a leanfaidh an 'Tionscadal Measúnaithe'</p>
<p>Athbheithníodh an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitic, na caighdeáin ghairmiúla agus dociméid treorach</p>	<p>Rinneadh comhairliúchán ar an gCód Iompair Ghairmiúil agus eitic a bhí úasdátaithe</p> <p>Foilsíodh tuarascáil chomhairliúcháin</p>	<p>Anótáil - polasáí a dhreachtú agus comhairliúchán a dhéanamh mar gheall air agus plean a aithint le cur chun feidhme</p> <p>Achtú rannóg Slánaíochta Ghairmiúil an Achta 2011 a thacú</p> <p>Plean oibríochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an Acht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2020 a achtú</p> <p>Soiléireacht a sholáthar faoin bpolasáí riachtanas slánaíochta ghairmiúil a bheith ag cnáimseacha</p>	<p>Tús a chur le cur chun feidhme anótála</p>

Táscairí ratha	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
<p>Rannpháirtíocht i bhfoirne idirdisciplíneacha a chur ar siúl chun creathlach rialaithe a fhorbairt; ceann a léiríonn na múnlaí ildisciplíneacha a shamláítear faoi Sláintecare, agus ag an uair chéanna a chinntíonn go mbíonn scóip chleachta na n-altraí agus na gcnáimhseach fós tuigte, inchosanta agus sábháilte</p>	<p>Cuireadh i bhfeidhm próiseas aisirithe rathúil chun clárú ar chúrsa chreidiúnaithe Filleadh ar Chleachtadh le haghaidh acmhainní a raibh gá leo sa chéad ráig de chuid Covid-19</p> <p>Oibríodh ar ilghrúpaí ildisciplíneacha chun polasaithe Covid-19 a chur chun cinn, mar shampla</p> <p>Fóraim rialaithe; Grúpa Bainistithe leigheaseanna</p>	<p>Ionchuir a sholáthar nó freagairt a thabhairt don Meitheal Altranais agus Cnáimhseachais</p> <p>Cur chuige speisialtóireachtaí a shainmhíniú agus anótáil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara</p>	
<p>Athbhreithníodh próisis chun gearáin a bhainistiú agus ailíníodh imscrúduithe feidhmiúlachta chun cleachtadh le reachtáíocht nua.</p> <p>Ní mór dúinn a bheith níos ionbháúla do gháithe agus ionchais na ngearánaithe agus na gcláraithe chun an próiseas a chríochnú ar luas níos éifeachtúla</p>	<p>Cuireadh tús le próiseas rannpháirteachais le páirithe leasmhara chun deiseanna feabhais a thuiscint (Cuireadh siar an Bille)</p> <p>Bhí rannháirteachas le hionadaithe ceardchumainnar ar siúl le linn na paindéime, agus bhí siadsan in ann dul i dteagmháil lena baill mar gheall ar chur chuige fiosrúcháin le linn na srianta</p> <p>Shainaithníomar brú Covid-19 agus cuireadh siar ráitis finnétithe etc.</p> <p>Cuireadh i bhfeidhm bearta sa bhreis atá cruthaithe chun cumas an chomhlachta a mhéadú (mar shampla cruinnuithe breise, timpeallacht shábháilte a sholáthar do pháirithe na n-imscrúduithe cianrochtain, ciancruinnuithe an choiste)</p>	<p>An tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2020 a chur i bhfeidhm</p> <p>Straitéis gearán a chruthú agus athbhreithniú bhainistithe gearán, bainistiú clár agus clár oibre i dtaobh athrú a áireamh leis</p>	

<b>2. Éifeachtúlacht ár seirbhísí a fheabhsú agus a dhigiú</b>			
<b>Gníomaíochtaí</b>	<b>Eochairghaiscí bainte amach i 2020</b>	<b>Pleanáilte i 2021</b>	<b>Dréachtphlean le haghaidh 2022</b>
An próiseas chlárúcháin le haghaidh iarratas a chuicoiriú; beidh roghanna féinfhreastail feabhsaithe ar fáil do dhaoine, lena n-áirítear rogha chun íoc as ar líne agus rochtain éasca a bheith acu ar a sonraí agus taifid.	Cuireadh ar fáil trí Leagan 1.0 an mhodúil chláráithe de chuid MyNMBI	Treochlár Fhorbairt an Chórais Chláraí 2021-2022  Leagan 1.0 an mhodúil chláráithe de chuid MyNMBI a chobhsú  Leagan 2.0 MyNMBI Modúl Cláráithe	Forbairt MyNMBI ag dul ar aghaidh
Go d'fhéadfadh na córais na nithe seo a leanas a thaispeáint; fianaise ábhartha na gcáilíochtaí, taithe oibre na gcláráithe, iarratasóirí agus céimithe go léir	Cuireadh ar fáil trí Leagan 1.0 Mhodúil Chláráithe de chuid MyNMBI Beidh gach iarratas i bhfoirm dhigiteach agus beidh rochtain ar gach doiciméad a bhaineann leis	Leagan 2.0 MyNMBI Modúl Cláráithe	Forbairt MyNMBI ag dul ar aghaidh
Cinntear go mbeidh tuiscint mhaith ag gach soláthraí seirbhíse oideachais maidir lenár gcaighdeáin oideachais, go soláthrófar fianaise cuí chun na riachtanais a shásamh, agus go dtuigfidís na réimsí ar féidir leo feabhsú a dhéanamh orthu	Rinneadh comhairliúchán ar Chomhghrupaí Meitheal Áitiúla mar gheall ar uasdátuithe chaighdeán oideachais agus próiseas atáthar ar aigne	Tuarascáil chomhairliúcháin a fhoilsiú mar gheall ar an t-eolas is déanaí agus ar chaighdeáin agus próisis oideachais  Próisis inmheánacha a uasdhátú maidir leis an cur chuige lena nglacfar nuashonrúcháin de chuid chaighdeáin oideachais as seo amach  Dearadh agus Forbairt de Mhodúl an Oideachais (Leagan 1.0) a thabhairt chun críche  Modúl an Oideachais de chuid MyNMBI (Leagan 1.0) a chur i bhfeidhm	Tuarascálacha cuairteanna ar láithreáin a fhoilsiú ar an tsuíomh gréasáin
Slí éifeachtach shoiléir a aimsiú chun gearáin a bhainistiú laistigh den bpróiseas reachtach		Uirlis bainistithe cásanna i dtaca le gearáin a roghnú agus a chur i bhfeidhm  Cumas feidhmiúlachta chun cleachtadh a mhéadú d'fhonn dlús a chur le himscrúduithe, áirítear cianimscrúduithe agus imscrúduithe hibrídeacha a bheith ar siúl i 2021 sa mhéadú sin	An uirlis bhainistithe gearán á cuicoiriú ar bhonn leanúnach

Táscairí ratha	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
Tairseach le haghaidh cláraithe nua	Leagan 1.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020	Leagan 2.0 MyNMBI Modúl Cláraithe	Forbairt MyNMBI ag dul ar aghaidh
Tairseach le haghaidh iarratasóirí nua	Leagan 1.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020 Tacaíocht feabhsaithe d'iarratasóirí ar an tsuíomh gréasáin (Leagan 1.0)	Leagan 2.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020 Tacaíocht feabhsaithe d'iarratasóirí ar an tsuíomh gréasáin (Leagan 2.0)	Leagan 3.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020 Tacaíocht feabhsaithe d'iarratasóirí ar an tsuíomh gréasáin (Leagan 3.0)
Tairseach nua le haghaidh institúidí ardoideachais	Leagan 1.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020	Leagan 2.0 MyNMBI Modúl Cláraithe Modúl an Oideachais de chuid MyNMBI (Leagan 1.0)	Forbairt MyNMBI ag dul ar aghaidh
Athnuachan ar líne agus an táille athnuachana bhliantúil a íoc	Leagan 1.0 seachadta sa cheathrú ráithe 2020	Leagan 2.0 MyNMBI Modúl Cláraithe	
Infheictheacht rianaithe gearán	Ag dul ar aghaidh Ailt léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh	Ag dul ar aghaidh Ailt léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh	Ag dul ar aghaidh Ailt léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh
Úasdátaíodh an straitéis TFC a bhfuil clocha míle soiléire inti	Críochnaithe		
Amanna próiseála a thomhas níos fearr	Faireachán a dhéanamh trí MyNMBI	Plean feabhsaithe leanúnach bunaithe ar shonraí agus léargais atá ar fáil ar MyNMBI Tuilleadh phríomhtháscairí a fhorbairt chun amlinte a ghabháil	Plean feabhsaithe leanúnach bunaithe ar shonraí agus léargais atá ar fáil ar MyNMBI

3. Taighde agus sonraí a ghiaráil			
Gníomhaíochtaí	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
Léargais sonraí a roinnt lenár gcláraithe agus páirtithe leasmhara eile, ár gcláraithe a thacú, an pobal a chosaint agus beartais a fhorbairt	Dul i gcomhairle suntasach faoi rialacha clárucháin Tá tuairisciú seachtrach níos éasca de bharr an tacar sonraí a d'eascairíodh as	Cur chuige maidir le tuairisciú sonraí 2021 - 2022 a shainmhíniú Tuairisciú sonraí MyNMBI Leagan 1.0	Tuairisciú sonraí MyNMBI Leagan 2.0
Sonraí ón gClár a roinnt chun na seirbhísí sláinte a chabhrú mar gheall ar ghníomhaíochtaí pleanála fórsa saothair		Tuairisciú sonraí MyNMBI Leagan 1.0	Tuairisciú sonraí MyNMBI Leagan 2.0
Obair ar lámh a chéile le daoine eile san earnáil sláinte ionas go bhféadfadh tuilleadh tionchair a bheith againn d'fhonn an pobal a chosaint (tuairiscithe cigireachta a roinnt, próifíl riosca, etc.)	Roinneadh macrathacar sonraí le páirtithe leasmhara chun pleanáil Covid-19 a éascú Rinneadh comhairliúchán ar fhoilsiúcháin thuairiscí iniúchtaí láithreán Sraith léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh	Tuarascálacha cigireachta láithreán a fhoilsiú mar gheall ar shraith léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh	Le deimhniú
Taighde a úsáid chun cruth cuí a chur ar ár gcur chuige pholasaí Cuirfidh úsáid an fhianaise seo lenár gcumas léargais a fhorbairt inár gcláraithe, rud a chinntíonn go bhfuil an obair a dhéanaimid níos éifeachtúla agus cuí		Samhail thuairiscithe agus sonraí a fhorbairt Rannchuidiú le déanamh do thuarascálacha an ECFE agus an EDS (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus an Eagraíocht Domhanda Sláinte faoi seach)	Léargais a úsáid chun cur chuige a choigeartú (Le deimhniú)
Sonraí a úsáid chun feabhas a chur go leanúnach ar an obair a dhéanaimid, mar shampla gearáin agus fiosrúcháin feidhmiúlachta chun cleachtadh a athbheithniú le cinneadh an bhféadfaí fothorthaí a bhaint amach i gcreata ama níos sciobtha nó i slí eile	Sraith léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh/í a roinnt	Sraith léargas maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh/í a roinnt	Le deimhniú

lean de

Táscairí ratha	Eochairghaiscí bainte amach i 2020	Pleanáilte i 2021	Dréachtphlean le haghaidh 2022
Tugann riosca cruth ar fhorbairt an pholasáí agus clár taighde atá againn	Tacóidh an anailís na hinstítúidí ardoideachais, an FSS agus Roinn Sláinte i gcomhthéacs phleanáil Covid-19. Prófilíú a dhéanamh agus tacáíocht a thabhairt chun a fhios a bheith againn dá mbeadh sé indéanta cláraithe a chur sa chóras ní ba luaithe (an ceathrú bliain le bheith críochnaithe acu sa bhealach traidisiúnta	Freagraítear go solúbtha do nuálaíocht i dtograithe suíomhanna taitní oibre	
Tacaíonn ár dtorthaí sonraí agus taighde an fhorbairt beartas phoiblí			
Úsáideann príomhthionchairí oideachais agus sláinte na tuarascálacha NMBI agus tagraíonn siad dóibh			
Tinreamh ag imeachtaí tras-rialála			
